Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**8042/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0101(COD)**

**ASILE 32**
**FRONT 93**
**JAI 480**
**CODEC 447**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Aibreán 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 186 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1348 a mhéid a bhaineann le liosta de thíortha sábháilte tionscnaimh a bhunú ar leibhéal an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 186 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 186 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.4.2025
COM(2025) 186 final

2025/0101 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1348 a mhéid a bhaineann le liosta de thíortha sábháilte tionscnaimh a bhunú ar leibhéal an Aontais

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

### Comhthéacs

I mí na Nollag 2023, tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir leis na tograí reachtacha lena gcomhdhéantar an Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, lena ndéantar athchóiriú cuimsitheach ar rialacha an Aontais lena mbainistítear an imirce agus an comhchóras tearmainn ar leibhéal an Aontais.

Faoi Threoir 2013/32/AE ('an Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn'), ní féidir tíortha sábháilte tionscnaimh a ainmniú ach ar leibhéal na mBallstát amháin. Le Rialachán 2024/1348 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE ('an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn'), atá mar chuid den Chomhshocrú, foráiltear den chéad uair don fhéidearthacht tíortha sábháilte tionscnaimh a ainmniú ar leibhéal an Aontais.

An 16 Nollaig 2024, ina litir chuig na Cinn Stáit agus Rialtais roimh an gComhairle Eorpach, chuir an tUachtarán von der Leyen in iúl gur iarradh ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) dlús a chur lena hanailís ar na tríú tíortha sonracha a d'fhéadfaí a ainmniú mar thíortha sábháilte tionscnaimh, d'fhonn liosta de chuid an Aontais a tharraingt suas. I gConclúidí mhí na Nollag 2024 ón gComhairle Eorpach, tugtar dá haire an obair leanúnach atá á déanamh maidir leis na tíortha sábháilte tionscnaimh. Mar obair leantach, sa litir uaithi an 17 Márta 2025 chuig na Cinn Stáit, roimh an gComhairle Eorpach, chuir an tUachtarán von der Leyen in iúl, agus leas á bhaint ag an gCoimisiún as an anailís a rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus as foinsí eile faisnéise a bhí ar fáil, go gcuirfidh sé togra i láthair le haghaidh chéad liosta an Aontais de thíortha sábháilte tionscnaimh. A luaithe a ghlacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an liosta sin, beidh sé dinimiciúil agus féadfar é a leathnú nó a athbhreithniú tuilleadh le himeacht ama.

Is é is aidhm don togra seo **tíortha is iarrthóirí agus iarrthóir ionchasach amháin** ar bhallraíocht san Aontas **chomh maith le sé thír eile a ainmniú** mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais. Faoi Rialachán 2024/1348, i gcás ina dtagann iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta ó thír shábháilte thionscnaimh, cuirtear dlús leis an scrúdú ar iarratas agus cuirtear i gcrích é laistigh de 3 mhí ar a mhéad. Thairis sin, murar údaraíodh an t-iarratasóir fós dul isteach i gcríoch na mBallstát, féadfaidh Ballstát an t-iarratas a scrúdú trí nós imeachta teorann.

I gcomhréir leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, ní fhéadfar tríú tír a ainmniú mar thír shábháilte thionscnaimh i gcomhréir leis an Rialachán sin ach amháin, ar bhonn na staide dlí, chur i bhfeidhm an dlí laistigh de chóras daonlathach agus na gcúinsí polaitiúla i gcoitinne, i gcás inar féidir a léiriú nach bhfuil géarleanúint á déanamh inti mar a shainmhínítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1347 (an Rialachán Cáilitheachta) agus nach bhfuil fíorbhaol ann go ndéanfar díobháil thromchúiseach mar a shainmhínítear in Airteagal 15 den Rialachán sin.

Ní mór an measúnú i dtaca le cé acu an tír shábháilte thionscnaimh an tríú tír i gcomhréir leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn nó nach ea a bhunú ar réimse foinsí faisnéise ábhartha atá ar fáil, lena n-áirítear faisnéis ó Bhallstáit, ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann, ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, ó Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, agus ó eagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta eile, agus cuirfear san áireamh ann, i gcás ina bhfuil sí ar fáil, an anailís

choiteann ar an bhfaisnéis ar thíortha tionscnaimh dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/2303 EUAA.

Agus an measúnú dá dtagraítear i mír 3 á dhéanamh, ní mór a chur san áireamh, *inter alia*, a mhéid a thugtar cosaint ar ghéarleanúint nó ar dhíobháil thromchúiseach trí na bealaí seo a leanas:

- dlíthe agus rialacháin ábhartha na tíre agus an bealach a gcuirtear i bhfeidhm iad;
- urramú na gceart agus na saoirsí a leagtar síos sa Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint nó sa Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla nó Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Céastóireachta, go háirithe na cearta nach féidir maolú a dhéanamh orthu faoi Airteagal 15(2) den Choinbhinsiún Eorpach sin;
- gan díbirt, baint ná eiseachadadh a bheith i bhfeidhm dá saoránaigh féin chuig tríú tíortha i gcás, *inter alia*, ina bhfuil riosca tromchúiseach ann go mbeidís faoi réir phionós an bháis, céasadh, géarleanúint nó íde nó pionós eile atá mídhaonna nó táireach, nó go mbeadh bagairt ar a mbeatha nó ar a saoirse mar thoradh ar a gcine, a reiligiún, a náisiúntacht, a ngnéaschlaonadh, a mballraíocht i ngrúpa sóisialta áirithe nó tuairimí polaitiúla, nó go bhfuil riosca tromchúiseach ann go ndéanfaí iad a dhíbirt, a bhaint nó a eiseachadadh chuig tríú tír eile;
- foráil maidir le córas de leigheasanna éifeachtacha i gcoinne sáruithe ar na cearta agus saoirsí sin.

Is é is aidhm don togra cur i bhfeidhm praiticiúil choincheap na tíre sábháilte tionscnaimh a neartú mar uirlis riachtanach chun tacú le scrúdú tapa a dhéanamh ar iarratais ar dócha nach bhfuil bunús leo.

Ós rud é go bhfuil tríú tír ar liosta de thíortha sábháilte tionscnaimh, ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta, ní féidir ráthaíocht iomlán sábháilteachta a bhunú do náisiúnaigh uile na tíre sin. Ní fhéadfaidh na Ballstáit coincheap na tíre sábháilte tionscnaimh a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás nach féidir leis an iarratasóir eilimintí a sholáthar lena dtugtar údar nach bhfuil coincheap na tíre sábháilte tionscnaimh infheidhme maidir leis nó léi, faoi chuimsiú measúnú aonair, agus ar choinníoll go bhfuil náisiúntacht na tíre sin ag an iarratasóir nó gur duine gan stát é nó í agus go raibh gnáthchónaí air nó uirthi sa tír sin roimhe sin.

Cé go gcoimeádann na Ballstáit an ceart reachtaíocht a chur i bhfeidhm nó a thabhairt isteach lena gceadaítear ainmniú náisiúnta mar thíortha sábháilte tionscnaimh tríú tíortha seachas iad siúd atá ainmnithe mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais, ba cheart go n-áiritheodh ainmniú coiteann den sórt sin ar leibhéal an Aontais go gcuireann na Ballstáit uile an coincheap i bhfeidhm ar bhealach aonfhoirmeach i ndáil le hiarratasóirí a bhfuil a dtíortha tionscnaimh ainmnithe mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais. Táthar ag súil go n-éascóidh sé sin cóineasú agus scrúdú á dhéanamh ar na hiarratais agus na nósanna imeachta ábhartha agus, ar an gcaoi sin, go gcuirfidh sé bac ar ghluaiseachtaí neamhúdaraithe iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.

Ina theannta sin, tugtar isteach leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn **uirlisí breise chun cabhrú leis na Ballstáit iarratais ar thearmann a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla.**

Ar an gcéad dul síos, tugtar isteach leis **foras nua chun nósanna imeachta brostaithe agus teorann a chur i bhfeidhm bunaithe ar thairseach ráta aitheantais 20 % ar fud an Aontais** faoi Airteagal 42(1)(j) agus Airteagal 42(3)(e) den Rialachán maidir leis an Nós

Imeachta Tearmainn. Leis an ráta aitheantais sin tagraítear do chion na n-iarratasóirí ó náisiúntacht ar leith a ndeonaítear cosaint idirnáisiúnta dóibh ar fud an Aontais. Má tá an ráta sin 20 % nó níos ísle, is léiriú é gur dócha nach bhfuil bunús le hiarratais ón náisiúntacht sin. Is é is aidhm dó uirlis sholúbtha bhreise a thabhairt do na Ballstáit agus iad ag déileáil le hiarratais áirithe ar chosaint idirnáisiúnta ar dócha nach bhfuil bunús leo. Cuireann sé sin ar chumas na mBallstát iad féin a chur in oiriúint d'athruithe ar shreabha imirce ar bhealach solúbtha agus iarratais ar dócha nach mbeidh bunús leo a phróiseáil ar bhealach níos tapúla.

Ar an dara dul síos, ceadaítear le hAirteagal 59(2) agus le hAirteagal 61(2) den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn **tríú tíortha sábháilte agus tíortha sábháilte tionscnaimh a ainmniú, faoi seach, cé is moite d'eisceachtaí**, rud a thugann níos mó solúbthachta do na Ballstáit maidir le raon feidhme na measúnuithe sábháilteachta a shainiú trí réigiúin shonracha nó catagóirí daoine aonair atá inaitheanta go soiléir a eisiamh. I dteannta a chéile, cuirtear modhanna ar fáil leis na forálacha sin chun iarratais ar dócha nach bhfuil bunús leo a bhainistiú go héifeachtúil agus na coimircí dlíthiúla is gá á gcoinneáil ar bun ag an am céanna.

Dar leis an gCoimisiún, cuideoidh na huirlisí sin le haghaidh a thabhairt ar chuid de na dúshláin atá tagtha chun cinn sa chleachtas maidir le cur i bhfeidhm na gcoincheap 'tríú tír shábháilte' agus 'tír shábháilte thionscnaimh.' Mar sin féin, ós rud é nach mbeidh feidhm acu faoi láthair ach i mí an Mheithimh 2026, cruthaíonn a gcur i bhfeidhm moillithe bearna do na Ballstáit atá ag lorg réitigh éifeachtacha láithreacha ar dhúshláin nós imeachta maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta a bhainistiú.

I bhfianaise an mhéid sin, measann an Coimisiún go gcuirfí na modhanna dlíthiúla agus nós imeachta is gá ar fáil do na Ballstáit chun na coincheapa 'tríú tír shábháilte' agus 'tír shábháilte thionscnaimh' a chur i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtúla dá dtabharfaí a n-iarratas ar aghaidh trí leasú spriocdhírithe ar an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn atá ann faoi láthair. Thairis sin, thabharfadh sé an deis do na Ballstáit cheana féin an foras nua a chur i bhfeidhm le haghaidh na nósanna imeachta brostaithe agus teorann (*i.e.* na tíortha a bhfuil ráta íseal aitheantais acu), rud a chuirfeadh ar a gcumas dul in oiriúint d'aon athrú ar na sreabha imirce agus freagairt dóibh go tapa. Cuirfidh sé uirlis eile ar fáil freisin chun iarratais ar thearmann ar dócha nach bhfuil bunús leo a phróiseáil go héifeachtach agus go tapa. Dá n-áiritheofaí go gcuirfí na forálacha sin i bhfeidhm níos luaithe, rannchuideofaí freisin le comhsheasmhacht níos fearr ar fud na mBallstát, rud a laghdódh éagsúlachtaí i gcleachtais náisiúnta agus rioscaí dlíthíochta. Tríd an gcur chun feidhme a chur chun cinn, bheadh uirlisí breise ag na Ballstáit chun próiseáil tearmainn a chuíchóiriú.

Dá bhrí sin, is é is aidhm don togra seo cur i bhfeidhm fhorálacha an Rialacháin maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn a thabhairt chun cinn, lena gceadaítear próiseáil a dhéanamh, sa nós imeachta teorann nó sa nós imeachta brostaithe, ar na hiarratais ó iarratasóirí ar náisiúntacht tríú tír, a bhfuil an cion cinntí ar leibhéal an Aontais ó na húdaráis chinntitheacha a dheonaíonn cosaint idirnáisiúnta ina leith 20 % nó níos ísle. Thairis sin, is é is aidhm don togra cur i bhfeidhm fhorálacha an Rialacháin maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn a thabhairt ar aghaidh lena gceadaítear tríú tíortha sábháilte agus tíortha sábháilte tionscnaimh a ainmniú le heisceachtaí (Airteagal 59(2) agus Airteagal 61(2)), chun é a dhéanamh níos solúbtha do na Ballstáit é sin a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta más mian leo.

**An próiseas as a dtiocfaidh glacadh an togra seo**

Arna iarraidh sin do sheirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh, leag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann amach modheolaíocht chun tacú le sainaithint na dtíortha a d'fhéadfaí a mheas lena n-ainmniú mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas agus tír amháin is iarrthóir

ionchasach; tíortha tionscnaimh a chruthaíonn líon suntasach cásanna tearmainn san Aontas ag a bhfuil ráta aitheantais 5 % nó níos ísle ar fud an Aontais; tíortha gan víosa a chruthaíonn líon suntasach cásanna tearmainn san Aontas ag a bhfuil ráta aitheantais 5 % nó níos ísle ar fud an Aontais; tíortha atá ar liostaí na mBallstát atá ann cheana de thíortha sábháilte tionscnaimh.

Bunaithe ar an modheolaíocht sin, d'iarr seirbhísí an Choimisiúin ar an nGníomhaireacht an Fhaisnéis faoin Tír Thionscnaimh a ullmhú chun tacú le measúnú an Choimisiúin.

Tá an fhaisnéis a bhailíonn an Ghníomhaireacht bunaithe ar fhoinsí éagsúla, lena gcuimsítear na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh: Tuarascálacha ón gCoimisiún Eorpach, lena n-áirítear tuarascálacha ón Aontas ar mhéadú; tuarascálacha ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí; tuarascálacha ó Ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh (amhail Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha); tuarascálacha ó Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta eile (e.g., Comhairle na hEorpa, Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine) agus ó eagraíochtaí neamhrialtasacha; anailísí polaitiúla ó mheithleacha machnaimh beartais agus caidrimh idirnáisiúnta; ailt fhíoraithe ó na meáin ar líne; ailt nuachtáin, chomh maith le reachtaíocht náisiúnta sna tíortha lena mbaineann.

Le cúnamh ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann, agus i gcomhairle leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, tháinig an Coimisiún Eorpach ar an gconclúid, ós rud é nach bhfuil, go ginearálta, aon bhaol géarleanúna ná díobhála tromchúisí ann, de réir bhrí Rialachán 2024/1347, sa Bhanglaidéis, sa Cholóim, san Éigipt, san India, i Maracó agus sa Túinéis, agus sa Chosaiv, tír a d'fhéadfadh a bheith ina hiarrthóir ar bhallraíocht san Aontas[1], mar a léirítear leis na rátaí aitheantais an-íseal, go bhféadfaí na tríú tíortha sin a ainmniú mar thíortha sábháilte tionscnaimh. Mar sin féin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar iarratasóirí a bhféadfadh eagla a bhfuil bunús maith léi a bheith orthu roimh ghéarleanúint nó a bhfuil fíorbhaol ann go bhfulaingeoidh siad díobháil thromchúiseach.

Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhféadfar tíortha ar deonaíodh stádas tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas dóibh a ainmniú mar thíortha sábháilte tionscnaimh de réir bhrí an Rialacháin maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, mura bhfuil feidhm ag imthosca sonracha áirithe. Mar sin féin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar iarratasóirí a bhféadfadh eagla a bhfuil bunús maith léi a bheith orthu roimh ghéarleanúint nó a bhfuil fíorbhaol ann go bhfulaingeoidh siad díobháil thromchúiseach.

Tá an togra seo gan dochar d'ainmniú tríú tíortha eile amach anseo mar thíortha sábháilte tionscnaimh, i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn.

**<u>Tríú tíortha a d'fhéadfaí a ainmniú mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais</u>**

***Tíortha is iarrthóirí***

Maidir leis na tíortha ar deonaíodh **stádas tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas** dóibh, leagtar amach in Airteagal 49 den Chonradh ar an Aontas Eorpach na coinníollacha agus na prionsabail nach mór d'aon tír ar mian léi a bheith ina ball den Aontas a chomhlíonadh.

Bhunaigh Comhairle Eorpach Chóbanhávan na critéir sin ('critéir Chóbanhávan') in 1993 agus neartaigh Comhairle Eorpach Mhaidrid iad in 1995.

[1] Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

Is iad sin:

- cobhsaíocht na n-institiúidí a ráthaíonn an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus meas ar mhionlaigh agus cosaint dóibh;
- geilleagar margaidh atá ag feidhmiú agus an cumas déileáil le brú iomaíochta agus fórsaí margaidh laistigh den Aontas;
- an cumas na hoibleagáidí a bhaineann le ballraíocht a ghlacadh, lena n-áirítear an cumas na rialacha, na caighdeáin agus na beartais atá i gcorpas dhlí an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtach, (an '*acquis*'), agus cloí le haidhmeanna an aontais pholaitiúil, eacnamaíoch agus airgeadaíochta.

Deonaíonn an Chomhairle Eorpach stádas 'tír is iarrthóir' do thír ar bhonn tuairim ón gCoimisiún Eorpach, tuairim a tarraingíodh suas tar éis don tír sin iarratas a dhéanamh ar bhallraíocht san Aontas.

Maidir leis na critéir pholaitiúla do bhallraíocht san Aontas, go háirithe, fuarthas amach go bhfuil dul chun cinn déanta ag na tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas chun cobhsaíocht na n-institiúidí lena ráthaítear an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus meas ar mhionlaigh agus cosaint mionlach a bhaint amach.

Dá bhrí sin, is féidir na tíortha ar deonaíodh stádas tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas dóibh a ainmniú mar thíortha sábháilte tionscnaimh de réir bhrí an Rialacháin maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn. Ba cheart a chur san áireamh, áfach, le linn an phróisis aontachais, go bhféadfadh athrú teacht ar an staid sa tír is iarrthóir sa mhéid nach bhfuil údar a thuilleadh leis an tír a ainmniú mar thír shábháilte thionscnaimh. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh sna cásanna seo a leanas:

- má tá foréigean neamh-idirdhealaitheach ann i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí sa tír;
- glacadh bearta sriantacha de réir bhrí Theideal IV de Chuid a Cúig den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i bhfianaise ghníomhaíochtaí na tíre;
- nó tá an ráta aitheantais ar fud an Aontais a bhaineann le hiarratasóirí ón tír níos airde ná 20 %, foras don nós imeachta teorann brostaithe agus don nós imeachta teorann um thearmann, ós rud é os cionn an ráta sin, nach mbeadh aon léiriú ann go bhféadfadh iarratais a bheith gan bhunús de réir na bhforas le dlús a chur leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn.

***Iarrthóir ionchasach ar bhallraíocht san Aontas Eorpach:***

Maidir leis an **gCosaiv**, de réir na faisnéise ó EUAA, ainmníonn 16 Bhallstát an Chosaiv faoi láthair mar thír shábháilte thionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, agus ba é 5 % an ráta aitheantais uile-Aontais d'iarratasóirí ón gCosaiv in 2024. Is iarrthóir ionchasach í an Chosaiv ar bhallraíocht san Aontas Eorpach.

Tá na príomhionstraimí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine ionchorpraithe i mBunreacht na Cosaive. Tá iarratas déanta ag an gCosaiv ar bhallraíocht san Aontas Eorpach agus tá athchóirithe á gcur chun cinn aici chun feidhmiú na mbreithiúna a fheabhsú agus chun cosaint na gceart bunúsach a neartú; tá an creat dlíthiúil ábhartha i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha. Go ginearálta, ráthaítear leis an gcreat dlíthiúil go gcosnófar cearta bunúsacha agus go mbeidh sé i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha.

Is daonlathas ionadaíoch parlaiminteach ilpháirtí í an Chosaiv ag a bhfuil roinnt na cumhachta idir na hinstitiúidí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha. Ráthaítear neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na mbreithiúna agus na seirbhíse ionchúisimh leis an mBunreacht

agus leis an dlí. Ní mór reachtaíocht a leasú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá fós ann maidir le neamhspleáchas, ionracas agus cuntasacht na mbreithiúna. Tá straitéis maidir leis an smacht reachta i bhfeidhm ag an gCosaiv don tréimhse 2021-2026.

Níl aon chosúlacht ann go ndéanfar saoránaigh na Cosaive a dhíbirt, a aistriú nó a eiseachadadh chuig tíortha ina bhfuil baol ann go ngearrfar pionós an bháis orthu, go ndéanfar céastóireacht orthu, go ndéanfar géarleanúint orthu nó go dtabharfar íde atá mídhaonna nó táireach dóibh.

Ní dhéantar aon ghéarleanúint sa Chosaiv de réir bhrí Airteagal 9 den Rialachán Cáilitheachta. Mar sin féin, tá cásanna ionsaithe agus bagairtí i gcoinne iriseoirí fós ann. Thairis sin, cé go bhfuil an creat dlíthiúil, beartais agus institiúideach a bhaineann le foréigean inscnebhunaithe i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha, tá a chur chun feidhme fós míchothrom.

Níl aon fhíorbhaol ann go ndéanfar díobháil thromchúiseach sa Chosaiv mar a shainmhínítear in Airteagal 15 den Rialachán Cáilitheachta. Níl pionós an bháis sa dlí náisiúnta agus léiríonn údaráis na Cosaive tiomantas do chéastóireacht agus do dhrochíde a chosc.

Is féidir teacht ar an gconclúid nach ndéantar géarleanúint ar dhaonra na Cosaive ná nach bhfuil fíorbhaol díobhála tromchúisí ann dóibh, mar a léirítear leis an anailís thuas agus mar a léirítear leis an ráta íseal aitheantais freisin, agus dá bhrí sin is féidir an tír a ainmniú mar thír shábháilte thionscnaimh ar leibhéal an Aontais.

***Tíortha tionscnaimh eile***

Maidir leis an **mBanglaidéis**, de réir na faisnéise ó EUAA, ainmníonn 6 Bhallstát an Bhanglaidéis faoi láthair mar thír shábháilte thionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, agus ba é 4 % an ráta aitheantais uile-Aontais d'iarratasóirí ón mBanglaidéis in 2024.

Tá roinnt ionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine daingnithe ag an tír, lena n-áirítear an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach agus an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla.

Tá an Bhanglaidéis ag dul faoi aistriú polaitiúil ó chóras diansmachtúil arb é is príomhthréith de sáruithe rialta ar chearta an duine; tá an próiseas ar siúl faoi láthair. Is poblacht pharlaiminteach í an tír atá á rialú ag Bunreacht, a lena bhforordaítear scaradh na gcumhachtaí idir an feidhmeannas agus na breithiúna. Díbríodh an rialtas roimhe seo as cumhacht tar éis ollagóidí ar fud na tíre i mí Iúil agus go luath i mí Lúnasa 2024. Cuireadh rialtas eatramhach isteach, faoi stiúir Muhammad Yunus, buaiteoir Dhuais Nobel na Síochána, an 8 Lúnasa 2024. Is é an príomhchúram atá orthu toghcháin nua a eagrú, atá beartaithe a reáchtáil go déanach in 2025 nó go luath in 2026, agus tús a chur leis an obair ar na hathchóirithe fairsinge chun institiúidí daonlathacha a athbhunú. Bunaíodh deich gcoimisiún um athchóiriú, lena n-áirítear maidir le cearta na mban, a bhfuil sé de chúram orthu tograí a thabhairt chun cinn maidir leis an mbunreacht a athchóiriú, na póilíní, na breithiúna, an coimisiún toghcháin, an riarachán poiblí a athchóiriú agus an t-éilliú a chomhrac.

Tá iarrachtaí seanbhunaithe á ndéanamh ag an mBanglaidéis chun beagnach aon mhilliún dídeanaí Róihinseach ó Mhaenmar a óstáil, in ainneoin na ndúshlán leanúnach, lena n-áirítear an cruatan eacnamaíoch don daonra i gcoitinne. Tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh ag an mBanglaidéis i dtreo cobhsaíocht pholaitiúil agus rialachas daonlathach níos fearr trí athchóirithe leanúnacha. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar iarrachtaí chun an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirsí an phreasa a neartú, rud a léiríodh le haisghairm an Ghnímh um Chibearshlándáil. Cé go bhfuil roinnt dúshlán fós ann, tá tiomantas soiléir ann sochaí shibhialta níos oscailte a chothú.

Is é an tAontas Eorpach an margadh onnmhairiúcháin is mó atá ag an mBanglaidéis, a bhuí leis na fabhair thrádála 'Gach Ní seachas Airm' agus le tionscal éadaigh an-iomaíoch na Banglaidéise a bhí ina phríomhghné den fhás dearfach sa gheilleagar le blianta beaga anuas agus a rannchuidigh leis an mbochtaineacht a laghdú, rud a d'fhág go raibh gnóthachain forbartha iarbhír ann don daonra ó thaobh oideachais agus sláinte de. Tá an tAontas i mbun idirphlé gníomhach leis an mBanglaidéis maidir le cearta an duine, cearta saothair agus saincheisteanna aeráide. Tá an tAontas réidh chun tacú le próiseas aistrithe daonlathach, síochánta agus cuimsitheach agus gabháil i dteannta leis. Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair in 2023.

Maidir le rochtain ar cheartas, cuireadh de chúram ar na coimisiúin a bhunaigh an rialtas eatramhach smaointe a thiomsú le haghaidh athchóirithe ar na breithiúna, lena n-áirítear maidir le táillí cúirte agus riaráistí cásanna a laghdú. Tá torthaí a bhfuil tionchar acu fós le baint amach leis na forbairtí dearfacha sin, ós rud é go dtuairiscítear go bhfuil saincheisteanna acmhainneachta os comhair na gcúirteanna, mar gheall ar riaráiste mór cásanna, moilleanna ar chásanna a thriail, agus easpa bonneagair dhigitigh; ina theannta sin, deirtear gur constaic mhór é an t-éilliú ar rochtain ar an gceartas.

Níl aon chomharthaí ann go bhfuil saoránaigh na Banglaidéise á ndíbirt, á mbaint nó á n-eiseachadadh chuig tíortha ina bhfuil baol ann go ngearrfar pionós an bháis, go ndéanfar céastóireacht orthu, go ndéanfar géarleanúint orthu nó go dtabharfar íde atá mídhaonna nó táireach dóibh. Tá tiomantas léirithe ag an mBanglaidéis maidir le cearta bunúsacha a chaomhnú trína áirithiú nach ndéanfar a saoránaigh a dhíbirt, a bhaint ná a eiseachadadh chuig tíortha ina bhféadfadh apionós an bháis, céasadh, géarleanúint nó íde atá mídhaonna nó táireach a bheith i ndán dóibh.

Tá dúshláin fós ann maidir le staid dhídeanaithe Róihinseacha lena n-áirítear cásanna ina gcuirtear dídeanaithe Róihinseacha ar ais chuig Stát Rakhine i Maenmar agus ní fhéadfadh ach feabhas ar an staid i Maenmar na dálaí a chruthú lena bhféadfadh na Róihinsí filleadh ar bhealach sábháilte, inbhuanaithe, deonach agus díniteach. Mar sin féin, tá iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta.

Go ginearálta, ní dhéantar géarleanúint sa tír de réir bhrí Airteagal 9 den Rialachán Cáilitheachta. Le Bunreacht na Banglaidéise ráthaítear saoirse reiligiúin agus cuirtear cosc ar idirdhealú ar fhorais reiligiúin, cine, sainaicme nó áit bhreithe. Leanann an rialtas de bheith ag obair chun sochaí chuimsitheach a chothú, agus tá teagmhais a dhéanann difear do mhionlaigh dhúchasacha agus reiligiúnacha fánach i gcónaí. Ó am go chéile tá teannas idir Moslamaigh Ahmadiyya agus mionlaigh Chríostaí, Hiondúigh agus mionlaigh eile, ach tá iarrachtaí ar bun chun cosaintí dlíthiúla a neartú agus caoinfhulaingt a chur chun cinn.

Tá dul chun cinn déanta ag an mBanglaidéis maidir le comhionannas inscne a chur chun cinn agus idirdhealú a chomhrac. Tá méadú ag teacht de réir a chéile ar an bhfeasacht maidir leis an éagsúlacht agus leis an gcuimsiú, cé go bhfuil idirdhealú agus ciapadh fós á ndéanamh ar dhaoine LADTIA. Tá méadú ag teacht ar an bplé maidir le cosaint chearta an duine, agus tá eagraíochtaí na sochaí sibhialta ag tacú go gníomhach le beartais níos cuimsithí, cé go bhfuil iompar comhghnéis fós á choiriúlú.

Dhaingnigh Banglaidéis an Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú. Ghlac sí freisin Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Foréigean in aghaidh na mBan agus na Leanaí a Chosc (2018–2030) agus áirítear i reachtaíocht thánaisteach na Banglaidéise roinnt dlíthe lena dtugtar aghaidh ar chineálacha sonracha foréigin in aghaidh na mban. Tá foréigean inscnebhunaithe fós ina shaincheist fhorleathan sa tír, agus tarlaíonn teagmhais gnéaschiaptha in ionaid oibre agus i scoileanna.

Faigheann dídeanaithe Róihinseacha tacaíocht dhaonnúil, lena n-áirítear dídean agus seirbhísí riachtanacha, laistigh de champaí. Tá dúshláin fós ann, áfach, ós rud é nach bhfuil an Bhanglaidéis ina páirtí i gCoinbhinsiún na Ginéive 1951 maidir le stádas dídeanaithe, agus go bhfuil srianta gluaiseachta agus rochtain theoranta ar oideachas foirmiúil agus ar fhostaíocht roimh dhídeanaithe Róihinseacha. Tá na húdaráis ag obair le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun bearta cosanta a fheabhsú agus dálaí maireachtála a fheabhsú agus chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní slándála sna campaí. Ina theannta sin, is é is aidhm don chomhar le heagraíochtaí daonnúla feabhas a chur ar dheiseanna le haghaidh féintuilleamaí agus cobhsaíocht fhadtéarmach.

Go ginearálta, níl aon fhíorbhaol ann go ndéanfar díobháil thromchúiseach mar a shainmhínítear in Airteagal 15 den Rialachán Cáilitheachta. Cé go gcoinníonn an Bhanglaidéis pionós an bháis agus nár shínigh sí an Dara Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla chun deireadh a chur le pionós an bháis, is annamh a dhéantar pianbhreitheanna an bháis a eisítear. Ina theannta sin, staon an Bhanglaidéis sa vóta is déanaí ar phionós an bháis ag an gComhairle um Chearta an Duine, rud a léiríonn a rannpháirtíocht sa phlé domhanda ar chearta an duine.

Dhaingnigh an Bhanglaidéis an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach. Tá tuairiscí ann faoin gcéasadh agus faoin drochíde a thug údaráis forfheidhmithe dlí agus an t-arm faoin rialtas a bhí ann roimhe sin do dhaoine a bhí á gcoinneáil. Tá an Bhanglaidéis fós ina tír shíochánta. Níl aon choinbhleacht armtha ar siúl sa Bhanglaidéis agus, dá bhrí sin, níl aon bhagairt ann mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánacha. Cé go bhfuil leibhéal íseal ceannairce fós ann in Chittagong Hill Tracts, tá sé fós logánta agus níl riosca slándála níos leithne ag baint leis. Leanann an rialtas de bheith i mbun idirphlé agus de thionscnaimh a fhorbairt chun cobhsaíocht a chur chun cinn sa réigiún.

Is féidir teacht ar an gconclúid nach ndéantar géarleanúint ar dhaonra na Banglaidéise, go ginearálta, ná nach bhfuil fíorbhaol díobhála tromchúisí ann dóibh, i bhfianaise na hanailíse thuas agus mar a léirítear freisin leis an ráta íseal aitheantais ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, d’fhéadfaí an Bhanglaidéis a ainmniú mar thír shábháilte tionscnaimh. Tá an méid sin gan dochar do na dúshláin shonracha atá roimh ghrúpaí áirithe sa tír a bhféadfaí aird ar leith a thabhairt orthu.

Maidir leis an **gColóim**, de réir na faisnéise ó EUAA, ní ainmníonn aon Bhallstát an Cholóim faoi láthair mar thír shábháilte thionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, agus ba é 5 % an ráta aitheantais ar fud an Aontais d’iarratasóirí ón gColóim in 2024.

Dhaingnigh an tír na príomhionstraimí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, lena n-áirítear an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach agus an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla.

Is poblacht chónaidhme í an Cholóim ag a bhfuil córas polaitiúil ionadaíoch daonlathach agus roinnt na gcumhachtaí idir an brainse feidhmiúcháin, an brainse reachtach agus an brainse breithiúnach. Le Bunreacht 1991 agus leis an dlí-eolaíocht ina dhiaidh sin ón gCúirt Bhunreachtúil, déantar foráil maidir le ráthaíochtaí láidre maidir le cearta an duine. Dhearbhaigh an Chúirt freisin roinnt uaireanta staid mhíbhunreachtúil maidir le cearta an duine agus an chomhshaoil, lena n-áirítear cinneadh sonrach maidir le cosantóirí chearta an duine i mí na Nollag 2023.

Tá roinnt beartas, sásraí agus dlíthe ag an gColóim freisin chun mí-úsáidí i gcoinne próifílí daoine spriocdhírithe a chosc, amhail cosantóirí chearta an duine, iarchomhraiceoirí agus daoine aonair eile atá i mbaol, agus chun rochtain ar cheartas a fheabhsú.

Níl aon chomharthaí ann go bhfuil saoránaigh na Colóime á ndíbirt, á mbaint nó á n-eiseachadadh go forleathan chuig tíortha ina bhfuil baol ann go ngearrfar pionós an bháis orthu, go ndéanfar céastóireacht orthu, go ndéanfar géarleanúint orthu nó go dtabharfar íde atá mídhaonna nó táireach dóibh.

Déantar cur síos ar an gColóim mar cheannaire domhanda ina freagairt ar imirce gan fasach na milliún Veiniséalach thar a teorainneacha agus tá caighdeáin nua leagtha síos aici chun sreafaí móra daoine a chomhtháthú i ndálaí easáitithe éigeantaigh.

Go ginearálta, ní dhéantar géarleanúint sa tír de réir bhrí Airteagal 9 den Rialachán Cáilitheachta. Déantar daoine LADTIA a chosaint go dlíthiúil, ach is minic a dhírítear orthu ó thaobh idirdhealú sóisialta. Breathnaíodh ar an gColóim mar cheannródaí maidir le cosantóirí chearta an duine a chosaint trí chlár cosanta a chruthú in 1997. Rinneadh feallmharú, bagairtí agus stiogmatú ar chosantóirí chearta an duine, ar cheannairí sóisialta agus ar chosantóirí comhshaoil. D’fhulaing iriseoirí imeaglú, foréigean agus frithbheart as a gcuid oibre. Bhí ionsaithe dírithe go príomha sna ranna Antioquia, Arauca agus Cauca. Ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin seo, tá iarrachtaí comhbheartaithe déanta ag an rialtas chun aghaidh a thabhairt ar fhoréigean.

Go ginearálta, níl aon fhíorbhaol ann go ndéanfar díobháil thromchúiseach sa Cholóim mar a shainmhínítear in Airteagal 15 den Rialachán Cáilitheachta. Tá cosc ar phionós an bháis faoi Bhunreacht na Colóime. Tá an creat dlíthiúil lena dtoirmisctear céasadh agus íde nó pionós atá mídhaonna nó táireach i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta.

Maidir le bagairt a bheith ann mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí, tá grúpaí armtha ann a leanann de bheith ag feidhmiú agus ag leathnú a láithreachta ar fud na tíre. Ba iad na limistéir ba mhó a raibh tionchar ag an bhforéigean orthu na limistéir a bhí faoi rialú FARC roimhe seo, agus ina gconspóidtear acmhainní amhail barra cóca agus mianadóireacht neamhdhleathach. Tugann Misean Fíorúcháin na Náisiún Aontaithe sa Cholóim le fios go bhfuil coinbhleachtaí armtha comhchruinnithe i gceantair a ndeachaigh foréigean i bhfeidhm orthu go stairiúil mar cheantair thuaithe Antioquia, Arauca, deisceart Bolívar, Caquetá, Cauca, Chocó, Guaviare, Meta, Nariño, Norte de Santander, Putumayo, agus Valle del Cauca.

Ós rud é gur cosúil go bhfuil fíorbhaol géarleanúna agus díobhála tromchúisí comhchruinnithe i limistéir thuaithe shonracha i réigiúin sa Cholóim, ba cheart d’údaráis inniúla na mBallstát, i gcomhréir lena n-oibleagáid faoi Airteagal 8 den Rialachán Cáilitheachta, aird ar leith a thabhairt ar cé acu atá nó nach bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth ar iarratasóirí ón gColóim toisc gur féidir leo taisteal go sábháilte agus go dleathach chuig cuid den Cholóim agus cead isteach sa chuid sin den Cholóim a fháil agus toisc gur féidir a bheith ag súil leis go réasúnta go lonnóidh siad ansin agus, sa chuid sin den tír, nach bhfuil aon eagla a bhfuil bunús maith léi ar na hiarratasóirí go ndéanfaí géarleanúint orthu nó nach bhfuil fíorbhaol ann go bhfulaingeoidh siad díobháil thromchúiseach; nó go bhfuil rochtain aige nó aici ar chosaint éifeachtach agus neamhshealadach ar ghéarleanúint nó ar dhíobháil thromchúiseach.

Is féidir teacht ar an gconclúid nach ndéantar géarleanúint ar dhaonra na Colóime, go ginearálta, ná nach bhfuil fíorbhaol díobhála tromchúisí ann dóibh, i bhfianaise na hanailíse thuas agus mar is léir freisin ón ráta íseal aitheantais ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, d’fhéadfaí

an Cholóim a ainmniú mar thír shábháilte thionscnaimh. Tá an méid sin gan dochar do na dúshláin shonracha atá roimh ghrúpaí áirithe sa tír a bhféadfaí aird ar leith a thabhairt orthu.

Maidir leis an **Éigipt**, de réir na faisnéise ó EUAA, ainmníonn 6 Bhallstát an Éigipt faoi láthair mar thír shábháilte thionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, agus ba é 4 % an ráta aitheantais ar fud an Aontais d'iarratasóirí ón Éigipt in 2024.

Dhaingnigh an tír na príomhionstraimí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, lena n-áirítear an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach agus an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, ach níor aontaigh sí fós don Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir leis an Uile Dhuine a Chosaint ón bhFuadach Forfheidhmithe. Óstálann an tír na milliúin dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn, staid a chuaigh in olcas le dul in olcas na coinbhleachta sa tSúdáin. D'fhormheas an Éigipt dlí tearmainn nua le déanaí agus tá sí ag comhoibriú le UNHCR chun an t-aistriú i dtreo cur chun feidhme a bhaint amach.

Le Bunreacht na hÉigipte sainmhínítear an tír mar phoblacht dhaonlathach, áit a bhfeidhmíonn an tUachtarán mar cheann stáit agus mar cheann feidhmiúcháin. In 2021, chuir an Éigipt deireadh leis an staid éigeandála (seachas limistéir i Síonáí).

Maidir le rochtain ar an gceartas, foráiltear i mBunreacht na hÉigipte do neamhspleáchas, díolúine agus neamhchlaontacht na mbreithiúna. Ó cuireadh deireadh leis an staid éigeandála in 2021, tá gnáthshásraí breithiúnacha ag feidhmiú. Mar sin féin, leanann údaráis d'úsáid a bhaint as cúirteanna éigeandála agus míleata chun daoine aonair a ionchúiseamh faoi fhorálacha leathana reachtaíochta frithsceimhlitheoireachta agus dlíthe eile.

Níl aon chomharthaí ann go bhfuil saoránaigh na hÉigipte á ndíbirt, á mbaint nó á n-eiseachadadh chuig tíortha ina bhfuil baol ann go ngearrfar pionós an bháis orthu, go ndéanfar céastóireacht orthu, go ndéanfar géarleanúint orthu nó go dtabharfar íde atá mídhaonna nó táireach dóibh.

Go ginearálta, ní dhéantar géarleanúint sa tír de réir bhrí Airteagal 9 den Rialachán Cáilitheachta. Leis an mBunreacht aithnítear an Chríostaíocht, an Ioslam agus an Giúdachas agus dearbhaítear ann go bhfuil saoránaigh comhionann os comhair an dlí agus i gcearta, saoirsí agus dualgais ghinearálta gan idirdhealú, mar shampla bunaithe ar reiligiún agus ar ghnéas. Is ionann idirdhealú agus gríosú chun fuatha agus coireanna a ngabhann pionós dlí leo. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí idirdhealú i gcleachtas ar chleamhnaithe reiligiúnacha áirithe. D'fhéadfadh sé go ngabhfaí agus go gcéasfaí cosantóirí chearta an duine, gníomhaithe polaitiúla agus lucht freasúra go treallach, agus d'fhéadfaí bearta amhail srianta taistil agus reo sócmhainní a dhíriú orthu. Ní dhéantar iompar comhghnéis comhthoiliúil a choiriúlú go sainráite san Éigipt, cé gur dúshlán fós é staid lucht LADTIA.

Tá dúshláin mhóra fós ann maidir le cearta an duine san Éigipt, go háirithe i ndáil le saoirsí bunúsacha, rialachas agus an smacht reachta a chosaint. Le blianta beaga anuas, áfach, tá céimeanna glactha ag an gceannaireacht pholaitiúil san Éigipt chun béim níos mó a chur ar thábhacht na hurraime do chearta an duine. Chuir sé deireadh leis an staid éigeandála (seachas limistéir i Síonáí), sheol sé an chéad Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine riamh, rinne sé Coiste Amnesty an Uachtaráin a athsheoladh, ag scaoileadh príosúnaigh pholaitiúla agus ag tabhairt faoi Idirphlé Náisiúnta. Tá dlús curtha ag an Éigipt lena rannpháirtíocht maidir le cearta an duine leis an Aontas, lena n-áirítear trí mhalartuithe le hIonadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine. Téann an Éigipt i mbun fóraim idirnáisiúnta agus comhoibríonn sí le hOifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine (OHCHR) de chuid na Náisiún Aontaithe i dtionscadal arna mhaoiniú ag an Aontas arb é is aidhm dó

comhpháirtíocht idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe a bhunú, ag teacht le sineirgí chun cultúr chearta an duine a threisiú san Éigipt.

Go ginearálta, níl aon fhíorbhaol ann go ndéanfar díobháil thromchúiseach mar a shainmhínítear in Airteagal 15 den Rialachán Cáilitheachta. Dhaingnigh an Éigipt an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach. Mar sin féin, coinníonn an Éigipt pionós an bháis faoin gCód Pionóis agus faoi dhlíthe míleata, a chuirtear i bhfeidhm go praiticiúil i gcásanna áirithe. Níl aon choinbhleacht armtha ar siúl san Éigipt agus, dá bhrí sin, níl aon bhagairt ann mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánacha.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, dhearbhaigh an Éigipt ina Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine go bhfuil sé ar intinn aici an dlí maidir le coinneáil réamhthrialach a athchóiriú, dálaí coinneála a fheabhsú, an líon coireanna a phionósaítear le bás a theorannú agus cultúr chearta an duine a fheabhsú ar fud na n-institiúidí rialtais uile. Tá gá le cur chun feidhme éifeachtach, agus tá dul chun cinn á dhéanamh go dtí seo ar an gcur chuige institiúideach.

Is féidir teacht ar an gconclúid nach ndéantar géarleanúint ar dhaonra na hÉigipte, go ginearálta, ná nach bhfuil fíorbhaol díobhála tromchúisí ann dóibh, i bhfianaise na hanailíse thuas agus mar is léir freisin ón ráta íseal aitheantais ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, d’fhéadfaí an Éigipt a ainmniú mar thír shábháilte thionscnaimh. Tá an méid sin gan dochar do na dúshláin shonracha atá roimh ghrúpaí áirithe sa tír a bhféadfaí aird ar leith a thabhairt orthu.

Maidir leis an **India**, de réir na faisnéise ó EUAA, ainmníonn 9 mBallstát an India faoi láthair mar thír shábháilte thionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, agus ba é 2 % an ráta aitheantais ar fud an Aontais d’iarratasóirí ón India in 2024.

Dhaingnigh an tír na príomhionstraimí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, lena n-áirítear an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach agus an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla.

Is poblacht bhunreachtúil agus daonlathas parlaiminteach í an India. Maidir le rochtain ar cheartas, tá breithiúna na hIndia feidhmiúil agus neamhspleách den chuid is mó ó na brainsí reachtacha agus feidhmiúcháin. Thairis sin, féadfaidh comhlacht neamhspleách sáruithe ar chearta an duine a imscrúdú agus a leigheas faoin Acht um Chosaint Chearta an Duine, an Coimisiún Náisiúnta um Chearta an Duine, atá freagrach do Pharlaimint na hIndia.

Níl aon chomharthaí ann go bhfuil saoránaigh na hIndia á ndíbirt, á mbaint nó á n-eiseachadadh chuig tíortha ina bhfuil baol ann go ngearrfar pionós an bháis orthu, go ndéanfar céastóireacht orthu, go ndéanfar géarleanúint orthu nó go dtabharfar íde atá mídhaonna nó táireach dóibh.

Go ginearálta, ní dhéantar géarleanúint sa tír de réir bhrí Airteagal 9 den Rialachán Cáilitheachta. Tuairiscítear go ndéantar ciapadh agus ionsaithe fisiciúla agus ar líne ar iriseoirí, ar chosantóirí chearta an duine agus ar ghníomhaithe atá ag obair ar an gcomhrac i gcoinne an éillithe.

Is ceart bunreachtúil seanbhunaithe é saoirse reiligiúin agus creidimh. Tá dúshláin fós ann do na pobail Mhoslamacha agus Chríostaí a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus ar fhoréigean seicteach. Tá dúshláin ann freisin a bhaineann le leigheasanna breithiúnacha agus riaracháin chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú in aghaidh grúpaí mionlaigh reiligiúnacha.

Aithníonn an India go hoifigiúil cearta na mban agus comhionannas inscne ina dlí náisiúnta. Is saincheist thromchúiseach fós é an foréigean gnéasach. Rannchuidíonn eagraíochtaí na sochaí sibhialta le feasacht a mhúscailt faoi staid na mban sa tír, agus tá roinnt cinntí cinniúnacha déanta ag na húdaráis bhreithiúnacha lena gcosnaítear cearta na mban.

Le Bunreacht na hIndia áirithítear comhionannas deiseanna agus tá bearta déanta ag rialtas na hIndia chun áiteanna a chur in áirithe do bhaill de Shainaicmí Sceidealta agus de Threibheanna Sceidealta san earnáil phoiblí agus in ollscoileanna, a bhfuil soghluaisteacht shóisialta fheabhsaithe acu, de réir tuairiscí. Tá dlíthe lena gcosnaítear Sainaicmí Sceidealta agus Treibheanna Sceidealta fós á bhforfheidhmiú go neamhleor.

Go ginearálta, níl aon fhíorbhaol ann go ndéanfar díobháil thromchúiseach mar a shainmhínítear in Airteagal 15 den Rialachán Cáilitheachta. Ba cheart a thabhairt faoi deara go gcoinníonn an India pionós an bháis ina dlí coiriúil agus nár shínigh sí an Dara Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, a bhfuil sé mar aidhm aige deireadh a chur le pionós an bháis. Mar sin féin, tá laghdú tagtha ar an líon pianbhreitheanna báis a eisíodh, agus tuairiscítear nár cuireadh pionós an bháis i bhfeidhm go praiticiúil ó 2020 i leith.

Dhaingnigh an India an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach, cé gur tuairiscíodh cásanna céastóireachta ag údaráis forfheidhmithe dlí. Níl aon choinbhleacht armtha ar siúl san India agus dá bhrí sin níl aon bhagairt ann mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánacha.

Is féidir teacht ar an gconclúid nach ndéantar géarleanúint ar dhaonra na hIndia, go ginearálta, ná nach bhfuil fíorbhaol díobhála tromchúisí ann dóibh, i bhfianaise na hanailíse thuas agus mar is léir freisin ón ráta íseal aitheantais ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí an India a ainmniú mar thír shábháilte thionscnaimh. Tá an méid sin gan dochar do na dúshláin shonracha atá roimh ghrúpaí áirithe sa tír a bhféadfaí aird ar leith a thabhairt orthu.

Maidir le **Maracó**, de réir na faisnéise ó EUAA, ainmníonn 11 Bhallstát Maracó faoi láthair mar thír shábháilte thionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, agus ba é 4 % an ráta aitheantais ar fud an Aontais d'iarratasóirí ó Mharacó in 2024.

Dhaingnigh an tír na príomhionstraimí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, lena n-áirítear an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach agus an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla.

Le Bunreacht 2011, bunaítear monarcacht ina bhfuil Parlaimint agus an Rí mar an t-údarás is airde. Tugtar isteach leis an mBunreacht freisin prionsabal na deighilte, na cothromaíochta agus an chomhoibrithe idir cumhachtaí agus dearbhaítear leis neamhspleáchas na mbreithiúna, leis an Rí mar ráthóir, chomh maith le prionsabal neamh-inchúlghairtheacht na mbreithiúna.

Ó 2012 i leith, chuir Maracó tús le hathchóiriú gan fasach arb é is aidhm dó an smacht reachta agus neamhspleáchas na mbreithiúna a neartú, lena n-áirítear athchóiriú ar an gcód coiriúil. Tá beart déanta ag na húdaráis chun rochtain ar cheartas a fheabhsú agus leanann an obair chun feabhas breise a chur ar réimsí a bhaineann le trédhearcacht, éilliú agus cleachtais mhí-úsáideacha.

Níl aon chomharthaí ann go bhfuil saoránaigh de chuid Mharacó á ndíbirt, á mbaint nó á n-eiseachadadh chuig tíortha ina bhfuil baol ann go ngearrfar pionós an bháis orthu, go ndéanfar céastóireacht orthu, go ndéanfar géarleanúint orthu nó go dtabharfar íde atá mídhaonna nó táireach dóibh.

Go ginearálta, ní dhéantar géarleanúint sa tír de réir bhrí Airteagal 9 den Rialachán Cáilitheachta. Tá iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh chun foréigean teaghlaigh a chomhrac, agus cearta na mban a chur chun cinn, lena n-áirítear trí athchóiriú leanúnach a dhéanamh ar an dlí teaghlaigh. Tá ról gníomhach ag Maracó i bhformáidí iltaobhacha, agus glacann sí roinnt tionscnamh uaillmhianach. Bhí cásanna ann ina raibh eagraíochtaí na sochaí sibhialta faoi réir srianta áirithe agus inar tugadh pianbhreitheanna d'iriseoirí criticiúla a tuairiscíodh mar gheall ar chionta coiriúla, ar thug an Rí pardún dóibh ina dhiaidh sin. Cé go nglactar go ginearálta le hiompar comhghnéis idir daoine fásta toilitheacha agus iad sa réimse príobháideach, is cion coiriúil é fós faoin gcód coiriúil. Is dúshlán fós é staid LADTIA.

Go ginearálta, níl aon fhíorbhaol ann go ndéanfar díobháil thromchúiseach mar a shainmhínítear in Airteagal 15 den Rialachán Cáilitheachta. Tá moratóir ar chur i bhfeidhm phionós an bháis tugtha faoi deara ag Maracó ó 1993, cé go gcoinníonn sí pionós an bháis ina dlí coiriúil agus nár dhaingnigh sí an Dara Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla maidir le pionós an bháis a dhíothú. I mí na Nollag 2024, vótáil Maracó i bhfabhar Rún le haghaidh moratóir domhanda ar phionós an bháis i gComhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe.

Is céim thábhachtach é oibríochtú an tSásra Náisiúnta um Chosc in aghaidh na céastóireachta chun feabhas a chur ar chearta príosúnach, áit a bhfuil roinnt dúshlán fós ann.

Níl aon choinbhleacht armtha ar siúl i Maracó agus, dá bhrí sin, níl aon bhagairt ann mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánacha.

Is féidir teacht ar an gconclúid nach ndéantar géarleanúint ar dhaonra Mharacó, go ginearálta, ná nach bhfuil fíorbhaol díobhála tromchúisí ann dóibh, i bhfianaise na hanailíse thuas agus mar is léir freisin ón ráta íseal aitheantais ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, féadfar Maracó a ainmniú mar thír shábháilte tionscnaimh. Tá an méid sin gan dochar do na dúshláin shonracha atá roimh ghrúpaí áirithe sa tír a bhféadfaí aird ar leith a thabhairt orthu.

Maidir leis an **Túinéis**, de réir na faisnéise ó EUAA, ainmníonn 10 mBallstát an Túinéis faoi láthair mar thír shábháilte thionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, agus ba é 4 % an ráta aitheantais ar fud an Aontais d'iarratasóirí ón Túinéis in 2024.

Dhaingnigh an tír na príomhionstraimí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, lena n-áirítear an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach agus an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla.

Bunaítear le Bunreacht 2022 córas uachtaránachta, agus toghtar an t-uachtarán trí vóta poiblí náisiúnta gach 5 bliana. Tá saincheart ag Uachtarán agus Tionól Ionadaithe na nDaoine maidir leis an tionscnamh reachtach, cé go bhfuil tosaíocht ag tograí an Uachtaráin ar na tograí reachtacha arna dtíolacadh ag Comhaltaí Thionól Ionadaithe na nDaoine.

Maidir le rochtain ar an gceartas, foráiltear leis an mbunreacht gur feidhm neamhspleách í an bhreithiúnacht a fheidhmíonn breithiúna nach bhfuil aon údarás seachas an dlí orthu agus tugtar sainordú leis do na comhlachtaí breithiúnacha cearta agus saoirsí a chosaint, agus aitheantas á thabhairt do ról neamhspleách na mbreithiúna sa chosaint ar sháruithe ag an bhfeidhmeannas agus ag an reachtas. Tuairiscítear go bhfuil dúshláin roimh an gcóras breithiúnach, lena n-áirítear mar gheall ar theorainneacha acmhainní.

Níl aon chomharthaí ann go bhfuil saoránaigh de chuid na Túinéise á ndíbirt, á mbaint nó á n-eiseachadadh chuig tíortha ina bhfuil baol ann go ngearrfar pionós an bháis orthu, go

ndéanfar céastóireacht orthu, go ndéanfar géarleanúint orthu nó go dtabharfar íde atá mídhaonna nó táireach dóibh.

Go ginearálta, ní dhéantar géarleanúint sa tír de réir bhrí Airteagal 9 den Rialachán Cáilitheachta. Bhí pearsana polaitiúla agus gníomhaithe, chomh maith le dlíodóirí agus breithiúna, faoi réir bearta sriantacha, lena n-áirítear coinneáil, gabháil agus ionchúiseamh, go minic faoi dhlíthe frithsceimhlitheoireachta agus frithéillithe. Bhí ar iriseoirí dul i ngleic le hionchúiseamh agus coinneáil, bunaithe ar chúisimh amhail maslú a dhéanamh ar na húdaráis nó bréagnuacht a scaipeadh. I dtéarmaí ginearálta, níl gníomhartha cniogbheartaíochta chomh mór sin chun staid a léiriú ina bhfuil diansmacht córasach ar mhórscála. Mar sin féin, i réimse na cosanta imirceach, tá baill d'eagraíochtaí atá i mbun lóistín a chur ar fáil d'imircigh agus do dhídeanaithe faoi réir imscrúdú póilíneachta agus coinneáil réamhthrialach. Tá toirmeasc fós faoi dhlí coiriúil na Túinéise ar iompar comhghnéis idir daoine fásta a thoilíonn leis, lena bhforáiltear do phianbhreitheanna príosúnachta suas le trí bliana. Cuireadh an dlí i bhfeidhm ó am go chéile le blianta beaga anuas. Is dúshlán fós é staid LADTIA. Ag an am céanna, tá roinnt grúpaí a bhaineann go sonrach le cearta an duine LGBTIQ aitheanta go hoifigiúil agus cláraithe go dlíthiúil.

Go ginearálta, níl aon fhíorbhaol ann go ndéanfar díobháil thromchúiseach mar a shainmhínítear in Airteagal 15 den Rialachán Cáilitheachta. Tá moratóir ar chur i bhfeidhm phionós an bháis á urramú ag an Túinéis ó 1991 i leith, cé go gcoinníonn sí pionós an bháis ina dlí coiriúil agus nár dhaingnigh sí an Dara Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla maidir le pionós an bháis a dhíothú, agus tuairiscíodh go ndearna cúirteanna náisiúnta pionós an bháis a ghearradh ar dhaoine aonair.

Dhaingnigh an Túinéis an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach. Tá cur chun feidhme iomlán ar feitheamh.

Níl aon choinbhleacht armtha ar siúl sa Túinéis agus, dá bhrí sin, níl aon bhagairt ann mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánacha.

Is féidir teacht ar an gconclúid, go ginearálta, nach ndéantar géarleanúint ar dhaonra na Túinéise ná nach bhfuil fíorbhaol díobhála tromchúisí ann dóibh, i bhfianaise na hanailíse thuas agus mar is léir freisin ón ráta íseal aitheantais ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, féadfar an Túinéis a ainmniú ina tír thionscnaimh shábháilte. Tá an méid sin gan dochar do na dúshláin shonracha atá roimh ghrúpaí áirithe sa tír a bhféadfaí aird ar leith a thabhairt orthu.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo comhsheasmhach leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, lena bhforáiltear go bhféadfaí tríú tíortha a ainmniú mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais. Tá sé comhsheasmhach freisin leis an Rialachán Cáilitheachta, a bhfuil feidhm aige maidir le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta agus maidir lena bhfuil sa chosaint idirnáisiúnta a thugtar, agus leagtar síos ann forálacha mionsonraithe maidir leis na gníomhartha ba cheart a mheas mar ghníomhartha géarleanúna nó díobhála tromchúisí de réir bhrí Choinbhinsiún na Ginéive, agus maidir leis na gnéithe nach mór a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chúiseanna na géarleanúna.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

An togra chun liosta coiteann an Aontais Eorpaigh de thíortha sábháilte tionscnaimh a bhunú agus chun tríú tíortha a ainmniú, go háirithe, a d'ainmnigh an Chomhairle Eorpach mar thír is iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas, tá sé comhsheasmhach le beartas an Aontais um méadú.

Nuair a d'ainmnigh an Chomhairle Eorpach na tíortha ábhartha mar thíortha is iarrthóirí, measadh gur chomhlíon siad na critéir a leagadh síos ag Comhairle Eorpach Chóbanhávan an 21 agus an 22 Meitheamh 1993 maidir le cobhsaíocht institiúidí lena ráthaítear daonlathas, smacht reachta, cearta an duine agus meas ar mhionlaigh agus cosaint mionlach. Beidh ar na tíortha is iarrthóirí leanúint de na critéir sin a chomhlíonadh chun bheith ina mBallstáit den Aontas. Déantar an dul chun cinn maidir leis na critéir pholaitiúla agus eacnamaíocha a chomhlíonadh, chomh maith leis an ailíniú leis an *acquis*, a mheasúnú gach bliain sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn ón gCoimisiún Eorpach.

Leis an togra tacaítear le cuspóirí foriomlána an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann, agus go háirithe leis an gcuspóir próiseáil iarratas ar thearmann san Aontas a dhéanamh níos éifeachtúla agus teacht ar réitigh chun comhoibriú le tríú tíortha agus an t-ualach a roinnt leo.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 78(2)(d) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), arb é an bunús dlí é le bearta maidir le nósanna imeachta coiteanna chun stádas aonfhoirmeach tearmainn agus cosanta coimhdí a dheonú agus a tharraingt siar. Is é is aidhm don togra tíortha sábháilte tionscnaimh a ainmniú ar leibhéal an Aontais chun críocha an Rialacháin maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn tríd an Rialachán seo a leasú, a glacadh ar bhonn Airteagal 78(2)(d) CFAE.

- **Geoiméadracht athraitheach**

I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na hÉireann i dtaca leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus le CFAE, ní bheidh Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh sí faoi cheangal ag aon bheart arna ghlacadh de bhun Theideal V de Chuid a Trí de CFAE, lena n-áirítear bearta lena mbunaítear Comhchóras Eorpach Tearmainn. De bhun Airteagal 3 den Phrótacal sin, áfach, féadfaidh Éire a chinneadh a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm na mbeart sin. Tá fógra tugtha ag Éirinn gur mian léi páirt a ghlacadh sa Rialachán nua maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn. Féadfaidh sí a roghnú freisin a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an togra seo, lena leasaítear an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, i gcomhréir le hAirteagail 3 agus 4a de Phrótacal 21.

I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Le Teideal V de CFAE maidir leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, tugtar cumhachtaí áirithe don Aontas Eorpach i leith na gcúrsaí sin. Ní mór na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, *i.e.* murar féidir, agus a mhéid nach féidir, leis na Ballstáit cuspóirí na gníomhaíochta atá beartaithe a ghnóthú go leordhóthanach agus dá bhrí sin, gur fearr is féidir leis an Aontas Eorpach iad a ghnóthú de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta atá beartaithe.

Is é is aidhm don togra liosta coiteann de thíortha sábháilte tionscnaimh a bhunú ar leibhéal an Aontais, ós rud é go n-éascóidh sé do na Ballstáit uile úsáid a bhaint as na nósanna imeachta a bhaineann le coincheap na tíre sábháilte tionscnaimh a chur i bhfeidhm. Is é is aidhm don togra freisin aghaidh a thabhairt ar roinnt de na héagsúlachtaí atá ann cheana idir liostaí náisiúnta na mBallstát de thíortha sábháilte tionscnaimh, rud a fhágann nach mbíonn iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta de thionscnamh na dtríú tíortha céanna faoi réir na nósanna imeachta céanna sna Ballstáit i gcónaí. Ní féidir leis na Ballstáit cuspóir foriomlán na gníomhaíochta atá beartaithe a bhaint amach go leordhóthanach agus iad ag gníomhú ina n-aonar agus is fearr is féidir leis an Aontas Eorpach é a bhaint amach.

- **Comhréireacht**

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní théann na modhnuithe atá beartaithe ar an gcreat reachtach atá ann cheana thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir atá leagtha síos a bhaint amach. Bunófar liosta coiteann an Aontais Eorpaigh de thíortha sábháilte tionscnaimh i gcomhréir leis na critéir atá leagtha síos cheana féin sa Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn chun tíortha sábháilte tionscnaimh a ainmniú, agus déanfar athbhreithniú rialta ar na tíortha atá ar liosta coiteann an Aontais Eorpaigh. Maidir leis na leasuithe atá beartaithe ar an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, tá siad teoranta don mhéid is gá chun a áirithiú go mbeidh forálacha an Rialacháin a bhaineann le coincheap na tíre sábháilte tionscnaimh a chur i bhfeidhm infheidhme maidir leis na tríú tíortha atá ar liosta coiteann an Aontais Eorpaigh de thíortha sábháilte tionscnaimh.

- **An rogha ionstraime**

Tá bonn cirt le Rialachán a roghnú chun liosta coiteann an Aontais Eorpaigh de thíortha sábháilte tionscnaimh a bhunú mar gheall ar chineál an liosta choitinn sin, a bhunaítear ar leibhéal an Aontais agus ba cheart go mbeadh sé infheidhme go díreach i ndlíchórais na mBallstát.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

An 16 Nollaig 2024, d'fhógair Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, ina litir chuig na Cinn Stáit roimh an gComhairle Eorpach gur iarradh ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann dlús a chur lena hanailís ar na tríú tíortha sonracha a d'fhéadfaí a ainmniú mar thíortha sábháilte tionscnaimh, d'fhonn liosta an Aontais a tharraingt suas. Sna Conclúidí a glacadh tar éis an chruinnithe a bhí aici an 19 Nollaig 2024, thug an Chomhairle Eorpach dá haire an litir agus an obair leanúnach ar na tíortha sábháilte tionscnaimh. Rinneadh comhairliúcháin ag an leibhéal is airde.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá an fhaisnéis a bhailíonn an Ghníomhaireacht bunaithe ar fhoinsí éagsúla, lena gcuimsítear na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh: Tuarascálacha ón gCoimisiún Eorpach, lena n-áirítear tuarascálacha ón Aontas ar mhéadú; tuarascálacha ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí; tuarascálacha ó Ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh (amhail Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha); tuarascálacha ó Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta eile (e.g. Comhairle na hEorpa, Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um

Chearta an Duine) agus ó eagraíochtaí neamhrialtasacha, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta; anailísí polaitiúla ó mheithleacha machnaimh beartais agus caidrimh idirnáisiúnta; ailt fhíoraithe ó na meáin ar líne; ailt nuachtáin, chomh maith le reachtaíocht náisiúnta sna tíortha lena mbaineann.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an togra seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an ceart chun tearmainn agus cosaint i gcoinne *refoulement* dá bhforáiltear in Airteagail 18 agus 19 den Chairt.

I gcomhréir leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, ós rud é go bhfuil tríú tír ainmnithe mar thír shábháilte thionscnaimh, ní féidir leis sin ráthaíocht iomlán sábháilteachta a bhunú do náisiúnaigh na tíre sin agus, dá bhrí sin, ní chuirfear ar ceal an gá atá le scrúdú iomchuí aonair a dhéanamh ar a n-iarratais ar chosaint idirnáisiúnta. Meabhraítear freisin, i gcás ina léiríonn iarratasóir go bhfuil cúiseanna tromchúiseacha ann lena mheas nach bhfuil an tír sábháilte ina chúinsí nó ina cúinsí ar leith, nach féidir a mheas a thuilleadh go bhfuil ainmniú na tíre mar thír shábháilte ábhartha don duine aonair sin.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht ag an togra maidir le buiséad an Aontais agus níor cheart go mbeadh aon impleachtaí buiséadacha aige do na Ballstáit.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Faoin Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún, le cúnamh ó EUAA, athbhreithniú a dhéanamh ar an staid i dtríú tíortha atá ainmnithe mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais. I gcás ina mbeidh athrú suntasach chun donais ar staid an tríú tír sin agus tar éis measúnú réasúnaithe a dhéanamh, tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún ainmniú, ar leibhéal an Aontais, an tríú tír sin mar thír shábháilte thionscnaimh a chur ar fionraí ar feadh tréimhse 6 mhí trí bhíthin gníomh tarmligthe. De réir an Rialacháin maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, i gcás ina bhfuil an gníomh tarmligthe glactha ag an gCoimisiún lena gcuirtear ar fionraí ainmniú tríú tír mar thír shábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais, ba cheart dó, laistigh de thrí mhí ó dháta glactha an ghnímh tharmligthe sin, togra a thíolacadh, i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, chun an Rialachán seo a leasú chun ainmniú an tríú tír sin mar thír shábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais a bhaint.

I gcás nár thíolaic an Coimisiún an togra laistigh de thrí mhí ó ghlacadh an ghnímh tharmligthe, ní bheidh éifeacht a thuilleadh ag an ngníomh tarmligthe lena gcuirtear an tríú tír ar fionraí óna hainmniú mar thír shábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais. I gcás go dtíolacann an Coimisiún togra mar sin laistigh de 3 mhí ó glacadh an gníomh tarmligthe, tugtar an chumhacht don Choimisiún, ar bhonn measúnú réasúnaithe, síneadh 6 mhí a chur le bailíocht an ghnímh tharmligthe sin, agus an deis ann an síneadh sin a athnuachan uair amháin.

Thairis sin, le teacht i bhfeidhm an Chomhshocraithe i mí an Mheithimh 2026, déanfaidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann faireachán ar chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn de bhun Airteagal 14 de

Rialachán EUAA (Rialachán (AE) 2021/2303). Beidh cur i bhfeidhm choincheap na tíre sábháilte tionscnaimh mar chuid den fhaireachán a dhéanfaidh EUAA. Thairis sin, áirítear sna tuarascálacha bliantúla nach mór don Choimisiún a ghlacadh de bhun Airteagal 9 den Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce torthaí an fhaireacháin ar EUAA agus, dá bhrí sin, cur i bhfeidhm choincheap na tíre sábháilte tionscnaimh agus an liosta. Ní mór don Choimisiún na gnéithe éagsúla sin a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh aige an bhfuil na Ballstáit faoi bhrú imirce, an bhfuil siad i mbaol brú imirce, nó an bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar staid shuntasach imirce, agus nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh aige an bhfuil easnaimh shistéamacha ag Ballstát a bhféadfadh iarmhairtí diúltacha tromchúiseacha a bheith mar thoradh orthu d'fheidhmiú chóras Bhaile Átha Cliath.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

**Liosta de thíortha sábháilte tionscnaimh a bhunú ar leibhéal an Aontais**

Le hAirteagal 1 leasaítear Airteagal 62 trí mhír nua a thabhairt isteach lena n-ainmnítear tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas mar thíortha sábháilte tionscnaimh, agus le hIarscríbhinn II lena n-ainmnítear sé thír agus iarrthóir ionchasach amháin ar bhallraíocht an Aontais mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais.

**Cur i bhfeidhm an fhorais nua don nós imeachta brostaithe/teorann a thabhairt ar aghaidh, mar atá na daoine de thionscnamh tíortha íseal-aitheantais (tíortha a bhfuil an ráta aitheantais 20 % nó níos ísle)**

Is é is aidhm don fhoras nua sin don nós imeachta brostaithe agus teorann dá bhforáiltear sa Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn deis bhreise a thabhairt do na Ballstáit freagairt go tapa agus go solúbtha d'athruithe ar na sreabha imirce. Tá an foras nua bunaithe ar chritéir atá níos oibiachtúla agus níos éasca le húsáid, ar dá réir a chuirfidh na Ballstáit dlús le scrúdú na n-iarratas arna ndéanamh ag iarratasóirí ó thríú tíortha arb é 20 % nó níos lú an sciar de chinntí dearfacha tearmainn i líon iomlán na gcinntí tearmainn, de réir na sonraí bliantúla uile-Aontais is déanaí atá ar fáil ó Eurostat. Ba cheart cur chuige níos comhchuibhithe i leith nósanna imeachta tearmainn a bheith mar thoradh ar a chur i bhfeidhm freisin, ós rud é gurb í an phríomhghné céatadán na gcinntí dearfacha ar leibhéal an Aontais maidir le cosaint idirnáisiúnta — táscaire oibiachtúil, infhíoraithe agus láidir maidir leis an dóchúlacht go mbeidh gá ag duine le cosaint.

Leanfaidh cur i bhfeidhm an fhorais le haghaidh luathaithe de bheith deonach go dtí go dtiocfaidh an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn chun bheith infheidhme. Sa chleachtas, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann iarratais den sórt sin a phróiseáil ó dhaoine ar dócha nach bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu faoin nós imeachta brostaithe nó faoin nós imeachta teorann agus na daoine sin a chur ar ais go tapa ina dhiaidh sin. Cuirfidh sé sin ar chumas na n-údarás tearmainn agus imirce measúnú níos éifeachtúla a dhéanamh ar fhíoréilimh, cinntí níos tapúla a dhéanamh agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le feidhmiú níos fearr agus níos inchreidte na mbeartas tearmainn agus fillte, agus cearta bunúsacha á n-urramú go hiomlán.

**Eisceachtaí a chur i bhfeidhm go luath i gcás tríú tíortha sábháilte agus tíortha sábháilte tionscnaimh sa dlí náisiúnta**

Leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, is féidir tríú tíortha sábháilte agus tíortha sábháilte tionscnaimh a ainmniú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, cé is moite d'eisceachtaí críochacha agus eisceachtaí i gcás catagóirí inaitheanta

daoine, chun na réaltachtaí casta dinimiciúla i dtríú tíortha a chur san áireamh. Chun go mbeidh an dá choincheap infheidhme sa chleachtas, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann na forálacha sin a chur i bhfeidhm maidir lena liostaí náisiúnta a luaithe is féidir roimh mhí an Mheithimh 2026.

2025/0101 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1348 a mhéid a bhaineann le liosta de thíortha sábháilte tionscnaimh a bhunú ar leibhéal an Aontais

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 78(2), pointe (d), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[3],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Faoi Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], féadfaidh feidhm a bheith ag rialacha sonracha i gcás ina dtagann iarratasóir ó thír shábháilte thionscnaimh. Go háirithe, ní mór dlús a chur leis an scrúdú ar iarratas agus, mura bhfuil an t-iarratasóir údaraithe fós dul isteach ar chríoch na mBallstát, féadfaidh Ballstát scrúdú a dhéanamh ar fhiúntas iarratais trí nós imeachta teorann.

(2) Is gá cur i bhfeidhm choincheap na tíre sábháilte tionscnaimh a neartú mar uirlis riachtanach chun tacú le scrúdú tapa a dhéanamh ar iarratais ar dócha nach mbeidh bunús leo trí thríú tíortha a ainmniú mar thíortha sábháilte tionscnaimh. Is gá freisin aghaidh a thabhairt ar chuid de na héagsúlachtaí atá ann cheana idir liostaí náisiúnta na mBallstát de thíortha sábháilte tionscnaimh. Dá bhrí sin, ba cheart liosta de thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais a bhunú. Cé go gcoimeádann na Ballstáit an ceart reachtaíocht a chur i bhfeidhm nó a thabhairt isteach lena gceadaítear ainmniú náisiúnta tríú tíortha seachas na tíortha sin atá ainmnithe mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais, ba cheart go n-áiritheofaí le hainmniú comhchoiteann den sórt sin ar leibhéal an Aontais go gcuireann na Ballstáit uile an coincheap i bhfeidhm ar bhealach aonfhoirmeach maidir le hiarratasóirí a bhfuil a dtíortha tionscnaimh ainmnithe.

(3) Má mheastar tríú tír a bheith ina tír shábháilte thionscnaimh, ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta, ní hionann sin agus ráthaíocht iomlán sábháilteachta do náisiúnaigh na tíre sin agus, dá bhrí sin, ní ligtear thar ceal an gá atá le scrúdú aonair

---

2 IO C , , lch. .

3 IO C , , lch. .

4 Rialachán (AE)2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear nós imeachta coiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE (IO L, 2024/1348, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1348/oj).

a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Ní fhéadfaidh na Ballstáit coincheap na tíre sábháilte tionscnaimh a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás nach féidir leis an iarratasóir eilimintí a sholáthar lena dtugtar údar nach bhfuil coincheap na tíre sábháilte tionscnaimh infheidhme maidir leis nó léi, faoi chuimsiú measúnú aonair, agus ar choinníoll go bhfuil náisiúntacht na tíre sin ag an iarratasóir nó gur duine gan stát é nó í agus go raibh gnáthchónaí air nó uirthi sa tír sin roimhe sin. Tá cur i bhfeidhm an choincheapa faoi chuimsiú an mheasúnaithe aonair gan dochar don fhíoras go bhféadfadh catagóirí áirithe iarratasóirí a bheith i staid shonrach sna tríú tíortha ainmnithe agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh eagla a bhfuil bunús maith léi a bheith orthu go ndéanfaí géarleanúint orthu nó go mbeadh fíorbhaol ann go bhfulaingeoidís díobháil thromchúiseach.

(4) Maidir leis na tíortha dár deonaíodh stádas mar Stáit is iarrthóirí ar aontachas leis an Aontas, leagtar amach sa Chonradh ar an Aontas Eorpach na coinníollacha agus na prionsabail nach mór d’aon tír ar mian léi a bheith ina Ballstát a chomhlíonadh. Bunaíodh na critéir sin ag Comhairle Eorpach Chóbanhávan in 1993 agus neartaíodh iad ag Comhairle Eorpach Mhaidrid in 1995. Is cobhsaíocht na n-institiúidí iad lena ráthaítear an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus urraim agus cosaint do mhionlaigh; geilleagar margaidh atá ag feidhmiú agus an cumas déileáil le brú iomaíochta agus fórsaí margaidh laistigh den Aontas; agus an cumas na hoibleagáidí a bhaineann le ballraíocht a ghlacadh, lena n-áirítear an cumas na rialacha, na caighdeáin agus na beartais atá i gcorpas dhlí an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtach, agus cloí le haidhmeanna an aontais pholaitiúil, eacnamaíoch agus airgeadaíochta. Deonaíonn an Chomhairle Eorpach stádas tíre is iarrthóir do thír ar bhonn tuairim ón gCoimisiún Eorpach, tuairim a tharraingítear suas tar éis don tír sin iarratas a dhéanamh ar bhallraíocht san Aontas.

(5) Tá an measúnú ar an staid i dtríú tíortha eile bunaithe ar raon foinsí faisnéise ábhartha atá ar fáil, lena n-áirítear faisnéis ó na Ballstáit, ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (‘an Ghníomhaireacht um Thearmann’), ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, ó Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha eile. Cuirtear san áireamh sa mheasúnú freisin, i gcás ina bhfuil sí ar fáil, an anailís choiteann ar an bhfaisnéis faoin tír thionscnaimh dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1348.

(6) Dheonaigh an Chomhairle Eorpach an stádas sin do thíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas trí chinneadh d’aon toil, tar éis moladh a fháil ón gCoimisiún Eorpach. Maidir leis na critéir pholaitiúla do bhallraíocht san Aontas, go háirithe, fuarthas amach go bhfuil dul chun cinn déanta ag na tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas chun cobhsaíocht na n-institiúidí lena ráthaítear an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus meas ar mhionlaigh agus cosaint mionlach a bhaint amach. Is féidir teacht ar an gconclúid, dá bhrí sin, gur cheart na tríú tíortha sin ar deonaíodh stádas mar thír is iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas dóibh a ainmniú mar thíortha sábháilte tionscnaimh, ach amháin i gcás ina bhfuil feidhm ag na himthosca seo a leanas: tá bagairt thromchúiseach agus bagairt aonair sa tír ar bheatha an tsibhialtaigh nó ar iomláine an tsibhialtaigh mar gheall ar

---

5 Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 (IO L 468, 30.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2303/oj).

fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí. gur glacadh bearta sriantacha de réir bhrí Theideal IV de Chuid a Cúig den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i bhfianaise ghníomhaíochtaí na tíre; nó i gcás ina bhfuil an ráta aitheantais ar fud an Aontais a bhaineann le hiarratasóirí ón tír níos airde ná 20 %.

(7) Maidir leis an gCosaiv[6], de réir na faisnéise ón nGníomhaireacht um Thearmann, ainmníonn 16 Bhallstát an Chosaiv faoi láthair mar thír shábháilte thionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, agus ba é 5 % an ráta aitheantais ar fud an Aontais d'iarratasóirí ón gCosaiv in 2024. Is iarrthóir ionchasach í an Chosaiv ar bhallraíocht san Aontas. Ina Bunreacht cuimsítear na príomhionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine. Is daonlathas ionadaíoch parlaiminteach ilpháirtí í an Chosaiv ag a bhfuil roinnt na cumhachta idir na hinstitiúidí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha agus tá an creat dlíthiúil ábhartha i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha. Tríd is tríd, ráthaítear leis an gcreat dlíthiúil cosaint na gceart bunúsach agus tá sé i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha. Níl aon chosúlacht ann go ndéanfar saoránaigh na Cosaive a dhíbirt, a aistriú nó a eiseachadadh chuig tíortha ina bhfuil baol ann go ngearrfar pionós an bháis orthu, go ndéanfar céastóireacht orthu, go ndéanfar géarleanúint orthu nó go dtabharfar íde atá mídhaonna nó táireach dóibh. Níl aon bhaol ann go ndéanfaí díobháil thromchúiseach sa Chosaiv de réir bhrí Airteagal 15 de Rialachán 2024/1347[7]. Níl pionós an bháis sa dlí náisiúnta agus léiríonn údaráis na Cosaive tiomantas do chéastóireacht agus do dhrochíde a chosc. Níl aon choinbhleacht armtha ar siúl sa Chosaiv agus, dá bhrí sin, níl aon bhagairt ann mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánacha. Ní dhéantar géarleanúint sa Chosaiv de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán 2024/1347.

(8) Maidir leis an mBanglaidéis, de réir na faisnéise ón nGníomhaireacht um Thearmann, ainmníonn 6 Bhallstát an Bhanglaidéis faoi láthair mar thír shábháilte thionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, agus ba é 4 % an ráta aitheantais uile-Aontais d'iarratasóirí ón mBanglaidéis in 2024. Tá roinnt ionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine daingnithe ag an tír. Is poblacht pharlaiminteach í an Bhanglaidéis atá á rialú ag Bunreacht, lena bhforordaítear scaradh cumhachtaí idir an feidhmeannas agus na breithiúna. Níl aon chomharthaí ann go bhfuil saoránaigh na Banglaidéise á ndíbirt, á mbaint nó á n-eiseachadadh chuig tíortha ina bhfuil baol ann go ngearrfar pionós an bháis, go ndéanfar céastóireacht orthu, go ndéanfar géarleanúint orthu nó go dtabharfar íde atá mídhaonna nó táireach dóibh. Go ginearálta, níl aon fhíorbhaol ann go ndéanfar díobháil thromchúiseach de réir bhrí Airteagal 15 de Rialachán 2024/1347. Cé go gcoinníonn an Bhanglaidéis pionós an bháis agus nár shínigh sí an Dara Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, a bhfuil sé mar aidhm aige deireadh a chur le pionós an bháis, is annamh a dhéantar pianbhreitheanna báis. Dhaingnigh an Bhanglaidéis an

---

[6] Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

[7] Rialachán (AE) 2024/1347 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a dheonaítear, lena leasaítear Treoir 2003/109/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 2024/1347, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1347/oj )

Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach. Níl aon choinbhleacht armtha ar siúl sa Bhanglaidéis agus, dá bhrí sin, níl aon bhagairt ann mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánacha. Go ginearálta, ní dhéantar géarleanúint sa tír de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1347.

(9) Maidir leis an gColóim, de réir na faisnéise ón nGníomhaireacht um Thearmann, ní ainmníonn aon Bhallstát an Cholóim faoi láthair mar thír shábháilte thionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, agus ba é 5 % an ráta aitheantais uile-Aontais d'iarratasóirí ón gColóim in 2024. Tá na príomhionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine daingnithe ag an tír. Le Bunreacht 1991 agus leis an dlí-eolaíocht ina dhiaidh sin ón gCúirt Bhunreachtúil, déantar foráil maidir le ráthaíochtaí láidre maidir le cearta an duine. Is poblacht chónaidhme í an Cholóim ag a bhfuil córas polaitiúil ionadaíoch daonlathach agus roinnt na gcumhachtaí idir an brainse feidhmiúcháin, an brainse reachtach agus an brainse breithiúnach. Níl aon chomharthaí ann go bhfuil saoránaigh na Colóime á ndíbirt, á mbaint nó á n-eiseachadadh go forleathan chuig tíortha ina bhfuil baol ann go ngearrfar pionós an bháis orthu, go ndéanfar céastóireacht orthu, go ndéanfar géarleanúint orthu nó go dtabharfar íde atá mídhaonna nó táireach dóibh. Go ginearálta, níl aon riosca ann go ndéanfar díobháil thromchúiseach sa Cholóim de réir bhrí Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2024/1347, ach amháin i limistéir thuaithe shonracha nach bhfuil aon láithreacht lárnach ag an Stát iontu. Tá cosc ar phionós an bháis faoi Bhunreacht na Colóime. Tá an creat dlíthiúil lena dtoirmisctear céasadh agus íde nó pionós atá mídhaonna nó táireach i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta. Níl aon bhagairt ghinearálaithe ann mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí. Go ginearálta, ní dhéantar géarleanúint sa tír de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1347.

(10) Maidir leis an Éigipt, de réir na faisnéise ón nGníomhaireacht um Thearmann, ainmníonn 6 Bhallstát an Éigipt faoi láthair mar thír shábháilte thionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, agus ba é 4 % an ráta aitheantais uile-Aontais d'iarratasóirí ón Éigipt in 2024. Tá na príomhionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine daingnithe ag an tír. Is poblacht í an Éigipt ina bhfeidhmíonn an tUachtarán mar cheann stáit agus mar cheann feidhmiúcháin. Níl aon chomharthaí ann go bhfuil saoránaigh na hÉigipte á ndíbirt, á mbaint nó á n-eiseachadadh chuig tíortha ina bhfuil baol ann go ngearrfar pionós an bháis orthu, go ndéanfar céastóireacht orthu, go ndéanfar géarleanúint orthu nó go dtabharfar íde atá mídhaonna nó táireach dóibh. Go ginearálta, níl aon fhíorbhaol ann go ndéanfar díobháil thromchúiseach de réir bhrí Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2024/1347. Cé go gcoinníonn an Éigipt pionós an bháis faoin gCód Pionósach agus faoi dhlíthe míleata, dhaingnigh an Éigipt an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach. Dhearbhaigh an Éigipt ina Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine go bhfuil sé ar intinn aici athchóiriú a dhéanamh ar an dlí maidir le coinneáil réamhthrialach, feabhas a chur ar choinníollacha coinneála, teorainn a chur leis an líon coireanna arna bpionósú le bás agus feabhas a chur ar chultúr chearta an duine ar fud institiúidí uile an rialtais. Tá gá le cur chun feidhme éifeachtach, agus tá dul chun cinn á dhéanamh go dtí seo ar an gcur chuige institiúideach. Níl aon choinbhleacht armtha ar siúl san Éigipt agus, dá bhrí sin, níl aon bhagairt ann mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánacha. Go ginearálta, ní dhéantar géarleanúint sa tír de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1347.

(11) Maidir leis an India, de réir na faisnéise ón nGníomhaireacht um Thearmann, ainmníonn 9 mBallstát an India faoi láthair mar thír shábháilte thionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, agus ba é 2 % an ráta aitheantais uile-Aontais d'iarratasóirí ón India in 2024. Tá na príomhionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine daingnithe ag an tír. Is poblacht bhunreachtúil agus daonlathas parlaiminteach í an India. Níl aon chomharthaí ann go bhfuil saoránaigh na hIndia á ndíbirt, á mbaint nó á n-eiseachadadh chuig tíortha ina bhfuil baol ann go ngearrfar pionós an bháis orthu, go ndéanfar céastóireacht orthu, go ndéanfar géarleanúint orthu nó go dtabharfar íde atá mídhaonna nó táireach dóibh. Go ginearálta, níl aon fhíorbhaol ann go ndéanfar díobháil thromchúiseach de réir bhrí Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2024/1347. Cé go gcoinníonn an India pionós an bháis ina dlí coiriúil agus nár shínigh sí an Dara Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, a bhfuil sé mar aidhm aige pionós an bháis a dhíothú, mar sin féin, níor cuireadh pionós an bháis i bhfeidhm go hiarbhír ó 2020. Dhaingnigh an India an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach. Níl aon choinbhleacht armtha ar siúl san India agus dá bhrí sin níl aon bhagairt ann mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánacha. Go ginearálta, ní dhéantar géarleanúint sa tír de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1347.

(12) Maidir le Maracó, de réir na faisnéise ón nGníomhaireacht um Thearmann, ainmníonn 11 Bhallstát Maracó faoi láthair mar thír shábháilte thionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta agus ba é 4 % an ráta aitheantais uile-Aontais d'iarratasóirí ó Mharacó in 2024. Tá na príomhionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine daingnithe ag an tír. Is monarcacht pharlaiminteach í Maracó. Níl aon chomharthaí ann go bhfuil saoránaigh de chuid Mharacó á ndíbirt, á mbaint nó á n-eiseachadadh chuig tíortha ina bhfuil baol ann go ngearrfar pionós an bháis orthu, go ndéanfar céastóireacht orthu, go ndéanfar géarleanúint orthu nó go dtabharfar íde atá mídhaonna nó táireach dóibh. Go ginearálta, níl aon fhíorbhaol ann go ndéanfar díobháil thromchúiseach de réir bhrí Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2024/1347. Tá moratóir ar chur i bhfeidhm phionós an bháis tugtha faoi deara ag Maracó ó 1993, cé go gcoinníonn sí pionós an bháis ina dlí coiriúil agus nár dhaingnigh sí an Dara Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla maidir le pionós an bháis a dhíothú. Dhaingnigh Maracó an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach. Níl aon choinbhleacht armtha ar siúl i Maracó agus, dá bhrí sin, níl aon bhagairt ann mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánacha. Go ginearálta, ní dhéantar géarleanúint sa tír de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1347.

(13) Maidir leis an Túinéis, de réir na faisnéise ón nGníomhaireacht um Thearmann, ainmníonn 10 mBallstát an Túinéis faoi láthair mar thír shábháilte thionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, agus ba é 4 % an ráta aitheantais uile-Aontais d'iarratasóirí ón Túinéis in 2024. Tá na príomhionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine daingnithe ag an tír. Bunaítear córas uachtaránachta le Bunreacht 2022. Níl aon chomharthaí ann go bhfuil saoránaigh de chuid na Túinéise á ndíbirt, á mbaint nó á n-eiseachadadh chuig tíortha ina bhfuil baol ann go ngearrfar pionós an bháis orthu, go ndéanfar céastóireacht orthu, go ndéanfar géarleanúint orthu nó go dtabharfar íde atá mídhaonna nó táireach dóibh. Go ginearálta, níl aon fhíorbhaol ann go ndéanfar díobháil thromchúiseach de réir bhrí Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2024/1347. Tá

moratóir ar chur i bhfeidhm phionós an bháis tugtha faoi deara ag an Túinéis ó 1991 i leith, cé go gcoinníonn sí pionós an bháis ina dlí coiriúil agus nár dhaingnigh sí an Dara Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla maidir le pionós an bháis a dhíothú. Dhaingnigh an Túinéis an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach. Níl aon choinbhleacht armtha ar siúl sa Túinéis agus, dá bhrí sin, níl aon bhagairt ann mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánacha. Go ginearálta, ní dhéantar géarleanúint sa tír de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1347.

(14) Déantar foráil i Rialachán (AE) 2024/1348 maidir leis an bhféidearthacht tríú tíortha a ainmniú mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán sin.

(15) De bhun Rialachán (AE) 2024/1348, ní fhéadfar tríú tír a ainmniú mar thír shábháilte thionscnaimh ach amháin i gcás inar féidir a léiriú, ar bhonn na staide dlíthiúla, chur i bhfeidhm an dlí laistigh de chóras daonlathach agus na gcúinsí polaitiúla ginearálta, nach ann d'aon ghéarleanúint mar a shainmhínítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1347 agus nach bhfuil aon fhíorbhaol ann go ndéanfar díobháil thromchúiseach mar a shainmhínítear in Airteagal 15 den Rialachán sin.

(16) Mar sin féin, ós rud é, go ginearálta, nach bhfuil aon bhaol géarleanúna ná díobhála tromchúisí ann, de réir bhrí Rialachán 2024/1347, sa Bhanglaidéis, sa Cholóim, san Éigipt, san India, i Maracó agus sa Túinéis, chomh maith leis an gCosaiv mar iarrthóir ionchasach ar bhallraíocht san Aontas, mar a léirítear freisin leis na rátaí aitheantais an-íseal, ba cheart iad a ainmniú mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais.

(17) Tá ainmniú na dtíortha sin mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais gan dochar don riail a leagtar amach i Rialachán 2024/1348, ar dá réir nach féidir leis na Ballstáit coincheap na tíre sábháilte tionscnaimh a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás nach féidir le hiarratasóirí gnéithe a sholáthar lena dtugtar údar maith leis an bhfáth nach bhfuil coincheap na tíre sábháilte tionscnaimh infheidhme maidir leo, faoi chuimsiú measúnú aonair. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar iarratasóirí atá i staid shonrach sna tíortha sin, amhail daoine LADTIA, íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe, cosantóirí chearta an duine, mionlaigh reiligiúnacha agus iriseoirí.

(18) Ós rud é gur féidir le staid na himirce athrú go tapa agus go bhfuil brú méadaithe ann mar thoradh ar theacht isteach sreafaí measctha a bhfuil cion ard díobh siúd a bhfuil seans íseal acu cosaint idirnáisiúnta a fháil, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann an foras a chur i bhfeidhm chun dlús a chur le scrúdú na n-iarratas a leagtar amach in Airteagal 42(1)(j) de Rialachán (AE) 2024/1348, ó dháta níos luaithe ná dáta ginearálta chur i bhfeidhm an Rialacháin sin. Chuirfeadh sé sin ar chumas na mBallstát freagairt go tapa agus ar bhealach solúbtha d'athruithe ar na sreabha imirce. Ós rud é gur dócha go mbeidh iarratais ó na hiarratasóirí sin gan bhunús, dá ndéileálfaí leo go tapa i nós imeachta brostaithe nó i nós imeachta teorann, bheadh na húdaráis tearmainn agus imirce in ann measúnú níos éifeachtúla a dhéanamh ar fhíoréilimh, cinntí níos tapúla a dhéanamh agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le feidhmiú níos fearr agus níos inchreidte na mbeartas tearmainn agus fillte, agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha.

(19) Thairis sin, chun cásanna casta agus iarbhír i dtríú tíortha a chur san áireamh, ba cheart do na Ballstáit, agus reachtaíocht á cur i bhfeidhm nó á tabhairt isteach acu lena gceadaítear ainmniú náisiúnta tríú tír mar thír shábháilte tionscnaimh nó mar thríú tír shábháilte, a bheith in ann é sin a dhéanamh cé is moite d'eisceachtaí i gcás codanna sonracha dá gcríoch nó catagóirí daoine atá inaitheanta go soiléir, sula dtiocfaidh Rialachán 2024/1348 i bhfeidhm.

(20) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, mar atá, liosta coiteann de thíortha sábháilte tionscnaimh a bhunú ar leibhéal an Aontais agus cur i bhfeidhm forálacha áirithe de Rialachán 2024/1348 a chur chun cinn, a ghnóthú go leordhóthanach agus nach féidir é a ghnóthú ach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(21) [I gcomhréir le hAirteagal 3 agus Airteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn [, trí bhíthin litir dar dáta …,] gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an [ghnímh] sin.

NÓ

[I gcomhréir le hAirteagail 1, 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an [ghnímh] seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

